D Ó Laoghaire, 2011

An tÁdh – Freagra Samplach

Rinne mé staidéar ar an ngearrscéal **'An tÁdh'**, a scríobh **Pádraic Ó Conaire** i rith mo chúrsa. Tá an gearrscéal seo lán de samplaí don ábhar/téama/mothúchán _____.

(Brón, an Bás, an Óige, Cairdeas, Uaigneas, Éad, Cumha, an Fharraige, Díomá, Fearg)

Tá cairdeas speisialta idir na buachaillí sa scéal seo. Tá siad gealgháireach agus lán le spiorad na hóige. Gnáthbhuachaillí iad, agus is léir go raibh siad i dtrioblóid le chéile go minic. Fuair siad léasadh cheana mar thóg siad bád nár leo é go hÁrainn.

Tá siad lán le clisteacht freisin, mar a fheictear dúinn nuair a smaoineann Pádraig ar phlean chun dul ar an mbád i measc na muc. B'aoibhinn leo an fharraige agus bhíodar amuigh ar na dtonnta go minic.

Tá cairdeas láidir le brath eatarthu i rith an scéil. Nuair nach bhfuil Pádraig in ann dul ar an mbád leo, tá fíortrua ag a chairde dó. Tá brón agus uaigneas ar Phádraig, agus pléascann sé amach ag caoineadh, (mar a dhéanfadh buachaill óg). Tá éad air freisin, mar tá sé ag smaoineamh ar an lá iontach a bheidh ag Séamas agus Micilín.

Tá sé dílis dá chairde sa deireadh agus níl sé chun sceitheadh orthu. Nuair a chloiseann sé go bhfuil siad marbh tá sé croíbhriste. Tuigeann sé freisin ar ndóigh go raibh an t-ádh leis. Is scéal tragóideach é gan amhras agus is é brón/cumha atá ar an údar ag an deireadh.